



An Bhruiséil, 10.12.2015
COM(2015) 636 final

2015/0289 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha,
lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle**

{ SWD(2015) 276 final }

{ SWD(2015) 279 final }

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Cumhdaíonn an Chombheartas Iascaigh (CBI) caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus bainistiú na n-iascach agus na gcabhlach a shaothraíonn na hacmhainní sin. Cuimsíonn sé gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar in uiscí an Aontais chomh maith leis na gníomhaíochtaí a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uisce an Aontais.

Baineann Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008¹ ('FAR') le húdaruithe a thabhairt le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais lasmuigh d'uisce an Aontais agus le húdaruithe a thabhairt do shoithí tríú tíortha oibriú in uiscí an Aontais. Is iad an Rialachán sin mar aon leis an Rialachán um Rialú² agus an Rialachán maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte³, trí cholún cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh .

Tá athchóiriú an chomhbheartais iascaigh cumhdaithe i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013⁴ (an 'bun-Rialachán'). Cuireann sé chun cinn, go háirithe, cur chuige réamhchúraim, inbhuanaithe bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh, agus leagtar béim ar chomhleanúnachas a bheith ann idir an ghné inmheánach agus an ghné sheachtrach de. Ba cheart gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais a dhéantar lasmuigh d'uisce an Aontais a bhunú ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais i limistéar an chomhbheartais iascaigh. Ba cheart don Aontas a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar a chabhlach is cuma cá háit a mbíonn sé ag obair agus cén creat faoina mbíonn sé ag obair. Ní mór Rialachán FAR atá ann faoi láthair a athbhreithniú chun dul i ngleic i gceart le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh nua agus chun comhsheasmhacht leis an Rialachán um Rialú a áirithiú.

Mar chuid dhílis d'athchóiriú an chomhbheartais iascaigh, mhol an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachán FAR ina Theachtaireacht maidir leis an ngné sheachtrach den chomhbheartas iascaigh⁵ in 2011. Fuair sé tacaíocht ó rún ó Pharlaimint na hEorpa a glacadh in 2012⁶.

Is tionscnamh de chuid REFIT é athbhreithniú FAR ina ndírítear ar na forálacha atá ann cheana a shoiléiriú agus a shimpliú, go háirithe i dtéarmaí freagrachtaí ar leibhéal an Aontais, an Bhallstáit agus an oibreora, agus ar FAR a thabhairt i gcomhréir leis an Rialachán um Rialú.

Is léir ó roinnt forbairtí a tháinig chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta go bhfuil sé in am athbhreithniú a dhéanamh. Tá Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta FAO, a glacadh in 2001, maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Chomhphobail lasmuigh d'uisce an Chomhphobail agus maidir leis an rochtain a bhíonn ag soithí tríú tíortha ar uiscí an Chomhphobail (IO L 286, 29.10.2008, lch 33).

² Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1-50) .

³ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1-32).

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

⁵ COM(2011) 424, 13.7.2011.

⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2012 maidir leis an ngné sheachtrach den Chomhbheartas Iascaigh (2011/2318(INI)).

dhíspreagadh agus a dhíothú (IPOA-IUU)⁷ formhuinthe ag an Aontas. Is iad IPOA-IUU agus treoirlínte deonacha Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe i ndáil le feidhmíocht Stáit brataí, a formhuiníodh in 2014,⁸ is bunús le freagracht an Stáit brataí caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní mara agus éiceachórais na mara a áirithiú. Moltar sna teoracha deonacha go gcuirfidh an Stát brataí córas údarúcháin ar bun lena áirithiú nach gceadófar d'aon soitheach oibriú mura bhfuil údarú faighte aige. Moltar, freisin, sna treoirlínte deonacha go dtabharfadh an Stát brataí agus an Stát cósta údarú i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí iascaireachta faoi chuimsiú comhaontú rochtana iascaigh nó, fiú, i gcás gníomhaíochtaí nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú den chineál sin⁹. Ar deireadh, in Aibreán 2015, thug an Binse Idirnáisiúnta um Dhlí na Mara (ITLOS) a thuairim chomhairleach maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte laistigh de limistéir eacnamaíocha eisiacha bhail an Choimisiúin Iascaigh Fo-Réigiúnaigh. Tá ITLOS den tuairim gur oibleagáid 'díchill chu' freagracht Stáit brataí gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chosc agus/nó a chur faoi chois laistigh de limistéir eacnamaíocha eisiacha Stát cósta. Leagann ITLOS béim ar dhliteanas an Aontais, agus ní ar dhliteanas na mBallstát, i ndáil le sárú ar bith a dhéantar ar na comhaontuithe rochtana iascaigh atá aige le Stáit cósta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais**

Tá FAR ar cheann de chodanna oibríochtúla bheartas seachtrach an chomhbheartais iascaigh mar atá cumhdaithe i bPáirt VI de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 (an 'bun-Rialachán'). Ina theannta sin, comhlánaíonn sé an Rialachán um Rialú agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011¹⁰ ón gCoimisiún, a bhfuil feidhm acu maidir leis na gníomhaíochtaí atá cumhdaithe faoin gcomhbheartas iascaigh agus a dhéantar in uiscí an Aontais nó a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais. Baineann FAR le húdaruithe le haghaidh soithí iascaireachta a oibríonn lasmuigh d'uiscí an Aontais agus le húdaruithe soithí tríú tíortha a oibríonn in uiscí an Aontais. Dá bhrí sin, tugann FAR aghaidh ar údarú agus tugann an Rialachán um Rialú agus an Rialachán Cur chun Feidhme a bhaineann leis aghaidh ar rialú agus ar fhorfheidhmiú. Is é is aidhm don togra FAR a chuíchóiriú i ndáil leis an Rialachán um Rialú sa chaoi go mbeidh feidhm ag an Rialachán sin *mutatis mutandis* maidir leis na gnéithe a bhaineann le rialú agus tuairisciú. Ar deireadh, ós rud é go bhfuil FAR dírithe ar é a chur ar a chumas don Aontas faireachán níos fearr a dhéanamh ar a chabhlach seachtrach, tacóidh sé go gníomhach leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile an Aontais**

Luaitear sa bhun-Rialachán gur cheart don Aontas comhtháiteacht na beartas i dtionscnaimh an Aontais a fheabhsú, ag féachaint go háirithe do ghníomhaíochtaí comhshaoil, trádála agus forbartha, agus comhsheasmhacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs comhair um fhorbairt nó i gcomhthéacs comhair eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a neartú¹¹. Trí chuspóirí an chomhbheartais iascaigh a chur chun cinn go seachtrach, inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí chabhlach seachtrach an Aontais go háirithe, tá FAR ag teacht go hiomlán le beartais comhshaoil agus forbartha an Aontais.

⁷ <http://www.fao.org/fishery/ipoa-iiu/en>

⁸ COFI/2014/4.2 (§29).

⁹ Idem (§§40 agus 41).

¹⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

¹¹ Airteagal 28.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE maidir leis na forálacha is gá chun cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a bhaint amach a bhunú.

- **Coimhdeacht**

Baineann an togra le húdaruithe le haghaidh chabhlach an Aontais nuair a bhíonn sé lasmuigh d'uisce an Aontais agus le húdaruithe le haghaidh soithí tríú tíortha a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta in uisce an Aontais a bhainistiú. Dá bhrí sin, is cuid den ghné sheachtrach é a bhaineann le caomhnú acmhainní bitheolaíocha mara faoin gcomhbheartas iascaigh, inniúlacht eisiach de chuid an Aontais, agus níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sa chomhthéacs seo.

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra feabhas a chur ar chumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar a chabhlach beag beann ar an gcreat faoina n-oibríonn sé. Cuirtear san áireamh sa togra an gá cothromaíocht a bheith ann idir cumhachtaí rialaithe níos mó a bheith ann i dtaobh chabhlach an Aontais agus ualach oibre na n-údarás riaracháin sna Ballstáit agus san Aontas a theorannú. Mar a léirítear sa mheasúnú tionchair, chuideodh sé chun an córas atá ann cheana a shimpliú. Mar sin féin, is mó na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo ná na hiarrachtaí atá i gceist, go háirithe maidir leis an dea-thionchar ar bhainistiú na n-acmhainní iascaireachta. I ndáil leis sin, ní théann na forálacha thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach agus ní bheadh ualach díréireach i gceist.

Rogha ionstraime

Ós rud é go mbíonn rialachán infheidhme go díreach agus go mbíonn sé ina cheangal ar na Ballstáit, caithfidh go gcuideoidh sé le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha atá beartaithe ar fud an Aontais, agus ar an gcaoi sin le cothroime iomaíochta a chruthú d'oibreoirí uile an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta lasmuigh d'uisce an Aontais.

3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex-post/seiceálacha oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuireadh comhairliúchán poiblí, a bhí bunaithe ar dhoiciméad comhairliúcháin agus ar cheistneoir sonrath, ar siúl le linn an phróisis measúnaithe tionchair. Reáchtáladh sraith cruinnithe teicniúla ansin leis na Ballstáit is mó a ndéanfadh an Rialachán difear dóibh i.e. na tíortha ag a bhfuil na cabhlaigh sheachtracha is mó. Ina theannta sin, reáchtáladh cruinniú urghnách den Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach – CCR fadraoin – ina raibh ionadaithe an tionscail iascaireachta agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun athbhreithniú FAR a phlé.

Chuidigh na comhairliúcháin sin leis an gCoimisiún tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach a oibríonn an córas atá ann faoi láthair faoina ndéantar bainistiú ar an gcabhlach seachtrach ar an leibhéal náisiúnta, agus bhí páirt thábhachtach acu i mionchoigeartú an togra atá ann faoi láthair. Bhí gach grúpa páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit, úinéirí soithí agus eagraíochta neamhrialtasacha, in ann a dtuairimí a nochtadh agus chuir siad in iúl go soiléir go dtacaíonn siad le cuspóir an togra.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

N/B

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair ullmhaithe, mar aon leis an togra reachtach, chun na roghanna féideartha a mheas, agus chun a dtionchar a mheasúnú agus a chur i gcomparáid. Breithníodh roinnt roghanna:

Rogha 1: leasú teoranta ar an Rialachán atá ann faoi láthair chun a áirithiú go dtugtar i gcomhréir le forálacha Chonradh Liospóin é.

Rogha 2: de bhreis ar rogha 1, treoirlínte a fhorbairt chun forálacha nach bhfuil soiléir ná cruinn go leor a léirmhíniú. D'fhágfadh sé sin go bhfágfaí roinnt de na cuspóirí atá leagtha amach sa bhun-Rialachán ar lár.

Rogha 3: bunaithe ar an Rialachán a leasú chun dul i ngleic leis na heaspaí, na neamhchinnteachtaí agus na bearnaí atá sa reachtaíocht faoi láthair, agus ar an méid sin amháin. D'fhágfadh sé sin, áfach, nach bhféadfaí dul i ngleic le saincheistanna áirithe e.g. údaruithe díreacha a rialáil agus aistriú míchuí go clár loingseoireachta tíre eile a chosc.

Rogha 4: rialachán nua a ghlacadh a mbeadh raon fheidhme níos leithne aige, lena n-áireofaí critéir incháilitheachta i dtaobh iarratais ar údaruithe díreacha a chur isteach, agus chuirfí san áireamh forálacha maidir le haistrithe míchuí go clár loingseoireachta tíre eile a chosc freisin.

Rogha 5: deimhneacht dhlíthiúil agus raon feidhme níos leithne a thabhairt le chéile, agus leanfadh as sin creat iomlán lena rialálfaí gníomhaíochtaí chabhlach seachtrach an Aontais thar lear. Ar an ábhar sin, meastar gurb í seo an rogha is éifeachtaí, lena bhféadfaí cuspóirí beartais a bhaint amach, deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus creidiúnacht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun cinn. Chuirfeadh sé barrfheabhas ar na sochair don chomhshaol a bhaineann le cosaint beo-acmhainní mara agus ba mhó iad ná na costais oiriúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibreoirí agus d'údaráis riarachán sa ghearrthéarma. Ar deireadh, is féidir a mheas go bhfuil gach rogha neodrach ó thaobh na sochaí de.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is cuid de chlár REFIT athbhreithniú FAR toisc gurb é is aidhm dó an córas atá ann cheana a shimpliú, ceanglais sonraí na mBallstát éagsúil a chomhchuibhiú, freagairtí ar leibhéal an Aontais, na mBallstát agus an oibreora a shoiléiriú, agus comhsheasmhacht idir FAR, an Rialachán um Rialú agus an Rialachán um gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, neamhthuariscithe agus neamhrialáilte a fheabhsú.

Trí na rialacha a shoiléiriú agus a shimpliú, ba cheart próiseáil na n-iarratas ar údarú a chuíchóiriú agus a fheabhsú, rud a thabharfadh cinnteacht d'oibreoirí eacnamaíochta agus a chuirfeadh deireadh leis an bhforluí idir na gníomhaithe ábhartha. Ba cheart go gcuideodh an

méid sin feabhas a chur ar an gcreat rialála faoina n-oibríonn an cabhlach seachtrach, agus rialú na n-údarás poiblí á fheabhsú ag an am céanna.

Ba cheart uirlisí ríomhaireachta a úsáid chun an togra seo a chur i bhfeidhm d'fhonn próiseáil agus faireachán ar údaruithe iascaireachta a shimpliú agus chun malartú leictreonach sonra idir na córais riaracháin náisiúnta agus an Coimisiún a spreagadh. Ina theannta sin, thiocfadh méadú ar thrédhearcacht trí chlár um údaruithe iascaireachta a chruthú (a mbeadh cuid de poiblí agus cuid de neamhphoiblí) chun go mbeadh na páirtithe leasmhara uile in ann faisnéis a rochtain faoi ghníomhaíochtaí an chabhlaigh sheachtraigh, i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil.

Soithí iascaireachta tionsclaíocha, a bhíonn ag iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais, is mó atá sa chabhlach i dtrácht. De ghnáth bíonn seilbh ag úinéirí na soithí sin ar chabhlach ina bhfuil roinnt mhaith soithí agus is annamh a bheidís ag teacht le critéir fiontar beag agus meánmhéide (FBManna). Ar an mbonn sin, agus sa mhéid nach mbeidh aon chostas breise ar oibreoirí príobháideacha, ní dhéantar aon fhoráil do bhearta sonracha le haghaidh micrifhiontar nó FBManna sa togra. Thairis sin, ní bheidh aon drochthionchar ag an togra seo ar chumas iomaíochta oibreoirí an Aontais nó ar thrádáil idirnáisiúnta.

- **Ceartha bunúsacha**

N/B

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

N/B

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún meitheal saineolaithe ó na húdaráis riaracháin náisiúnta a thabhairt le chéile chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras atá i bhfeidhm, a mbeidh fáil uirthi cúig bliana tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm. • Doiciméid mhíniúcháin (i gcás Treoracha)

N/B

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Teideal I – Cumhdaítear leis an Rialachán na gníomhaíochtaí iascaireachta go léir a dhéanann soithí an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais. D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi chomhaontú rochtana nó údarú díreach ón tríú tír agus/nó faoi scáth eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh, nó ar an mórmhuir. Cumhdaítear leis an Rialachán soithí tríú tír a oibríonn in uiscí an Aontais. Tá Airteagal 2 ceaptha soiléiriú a dhéanamh ar an ngaol atá idir an Rialachán agus rialacha eile a bhaineann le húdaruithe, gaol a d'fhéadfadh eascairt ó na comhaontuithe déthaobhacha nó ó na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh. Ba cheart glacadh leis gur rialacha speisialta iad sin ach gur creat ginearálta atá á tharraingt suas atá sa Rialachán seo. I gcás neamhréitigh, bheadh tosaíocht ag na rialacha speisialta.

Teideal II – Leagtar amach i gCaibidil I bunphrionsabal an Rialacháin: ba cheart gach soitheach a bheith údaraithe ag a Bhallstát brataí sula ndéanfaidh sé iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais, agus ag an Stát cósta i gcás ina ndéanfar an ghníomhaíocht ina uiscí sin.

Níor cheart don Stát brataí an t-údarú sin a thabhairt ach amháin má bhíonn na critéir incháilitheachta in Airteagal 5 comhlíonta, i gcomhthéacs ar bith. Beidh freagracht an Stáit brataí lárnach i ndáil leis sin. A bhfuil le foráil ar leith maidir le soithí a aistriú go clár loingseoireachta tíre eile, tá an Ballstát brataí níos fearr in ann neamhchomhlíontacht a bhrath a chuirfeadh cosc ar an údarú sin a eisiúint.

Teideal II – Sonraítear i gCaibidil II na coinníollacha breise a bheadh le comhlíonadh ag soithí an Aontais chun iascaireacht a dhéanamh in uiscí tríú tír, bíodh sé faoi chomhaontú rochtana nó údarú díreach. Is gné lárnach de sin an toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh faoi údarú díreach más rud é go bhfuil comhaontú rochtana i bhfeidhm, mura bhforáiltear a mhalairt sa chlásal eisiachais, mar a thugtar air, ina léirítear an prionsabal sin sna comhaontuithe. Is é an prionsabal is bunús leis an teideal seo gur gá don Aontas a áirithiú nach mbainfidh gníomhaíochtaí a chabhlaigh sheachtraigh d'inhuanaitheacht na mbeo-acmhainní mara in uiscí na Stát cósta. I gcás údarú díreach, níor mhór don Bhallstát brataí déanamh de réir na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil agus cur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm agus a shoithí á n-údarú aige. Cuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fad ar fáil don Choimisiún agus is féidir leis idirghabháil a dhéanamh má bhíonn sé in amhras an gcomhlíonann an oibríocht iascaireachta atá beartaithe forálacha an Rialacháin.

Teideal II – Leagtar síos i gCaibidil III an próiseas maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh faoi choimirce eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh nó ar an mórmhuir. Féadfaidh an Coimisiún idirghabháil a dhéanamh má fheictear dó nach bhfuil na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh. Chomh maith leis sin, ós rud é go gcumhdaíonn roinnt eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh uiscí an Aontais, tá sé réasúnach go dtiocfadh soithí de chuid an Aontais atá faoi choimirce na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh sin faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Teideal II – Leagtar síos i gCaibidil V bunrialacha maidir le cairtfhostú, ar cineál údaraithe dhírigh ar leith é a raibh sé deacair faireachán a dhéanamh air go dtí seo. Is é is príomhchuspóir léi creat dlíthiúil a chur ar fáil don chleachtas sin sa chaoi go mbeifear in ann faireachán níos fearr a dhéanamh ar shoithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht faoi chomhaontú um chairtfhostú agus an reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha atá glactha ag roinnt eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh i ndáil leis sin.

Teideal II – Cumhdaíonn Caibidil IV cur i bhfeidhm an Rialacháin um Rialú ar ghníomhaíochtaí chabhlaigh seachtrach an Aontais agus oibleagáidí gaolmhara i ndáil le tuairisciú, mar aon le hoibleagáidí sonracha áirithe a bhaineann le gné sheachtrach na ngníomhaíochtaí.

I dTeideal III leagtar amach na rialacha maidir le húdarú gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí tríú tír in uiscí an Aontais. Is é is cuspóir leis an gcuid seo a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar in uiscí an Aontais faoi réir na rialacha céanna beag beann ar bhratach an tsoithigh, agus cothroime iomaíochta á chur chun cinn d'oibreoirí an Aontais agus d'oibreoirí tríú tíortha in uiscí an Aontais.

Le Teideal IV cruthaítear clár um údaruithe iascaireachta chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar chabhlaigh seachtrach an Aontais agus chun trédhearcacht a fheabhsú maidir leis na gníomhaíochtaí sin, agus beidh rochtain ag an bpobal ar chuid den chlár sin. Ba cheart teacht a bheith ag an bpobal ag am ar bith ar fhaisnéis faoi shoithí atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh, faoi na héisc atá á ngabháil acu agus faoin na limistéir ina bhfuil siad ag obair.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹³,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí¹⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008¹⁵ ón gComhairle ('FAR') córas a bhaineann le húdaruithe a thabhairt le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais agus maidir leis an rochtain a bhíonn ag soithí tríú tíortha ar uiscí an Aontais.
- (2) Is páirtí conarthach é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982¹⁶ (UNCLOS) agus dhaingnigh sé, an 4 Lúnasa 1995, Comhaontú na Náisiún Aontaithe 1995 maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach a chur chun feidhme (Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc)¹⁷. Leagtar amach sna forálacha idirnáisiúnta sin an prionsabal go gcaithfidh na stáit ar fad bearta cuí a ghlacadh chun bainistiú

¹² IO C , , lch. .

¹³ IO C , , lch. .

¹⁴ IO C , , lch. .

¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le húdaruithe le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Chomhphobail lasmuigh d'uiscí an Chomhphobail agus rochtain soithí tríú tíortha ar uiscí an Chomhphobail, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3317/94 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 33).

¹⁶ Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do chur i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus an Chomhaontaithe an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

¹⁷ Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir le daingniú ag an gComhphobal Eorpach den Chomhaontú a bhaineann le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

inbhuanaithe acmhainní mara a áirithiú agus go gcaithfidh siad comhoibriú le chéile chuige sin.

- (3) Ghlac an tAontas le Comhaontú de chuid Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe an 24 Samhain 1993 chun comhlíonadh beart caomhnaithe agus bainistíochta idirnáisiúnta ag soithí iascaireachta ar an mórmhuir a chur chun cinn (An Comhaontú maidir le comhlíontacht FAO)¹⁸. Sonraítear sa chomhaontú sin go staonfaidh páirtí conarthach ó údarú a thabhairt i leith soitheach a úsáid le haghaidh iascaireacht ar an mórmhuir mura gcomhlíontar coinníollacha áirithe, agus go gcuirfidh an páirtí conarthach sin smachtbhannaí chun feidhme mura gcomhlíontar ceanglais áirithe tuairiscithe.
- (4) Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, a glacadh in 2001 chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú (IPOA-IUU), tá sé formhuinithe ag an Aontas. Is iad IPOA-IUU agus treoirlínte deonacha Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe i ndáil le feidhmíocht Stáit brataí, a formhuiníodh in 2014, is bunús le freagracht an Stáit brataí caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní mara agus éiceachórais na mara a áirithiú. Foráiltear i IPOA-IUU gurb é an Stát brataí a eiseoidh údaruithe do shoithí faoi bhratach an Stáit sin atá ag iarraidh iascaireacht a dhéanamh in uiscí lasmuigh dá cheannasacht nó dá dhlinse. Moltar, freisin, sna treoirlínte deonacha go dtabharfaidh an Stát brataí agus an Stát cósta údarú i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí iascaireachta faoi chuimsiú comhaontú rochtana iascaigh nó, fiú, i gcás gníomhaíochtaí nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú den chineál sin. Ba cheart don dá Stát sin a bheith sásta nach mbainfidh na gníomhaíochtaí sin d'inhuanaitheacht na stoc in uiscí an stáit cósta (mír 40 agus mír 41).
- (5) Is mó aird atá á tabhairt anois, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an tsaincheist maidir le hoibleagáidí, dliteanais chomhchéimneacha agus freagrachtaí comhchéimneacha an Stáit brataí agus, nuair is iomchuí, na brateagraíochta idirnáisiúnta, i ndáil le caomhnú agus bainistiú bheo-acmhainní na mórmhara faoi UNCLOS. Is amhlaidh an cás, faoi chuimsiú oibleagáid díchill chuí a eascraíonn as UNCLOS, i gcás dhlínse an Stáit cósta agus dhlínse an Stáit brataí i gcomhthráth agus, de réir mar is iomchuí, dhlínse na brateagraíochta idirnáisiúnta chun caomhnú fóna acmhainní bitheolaíoch na mara a áirithiú laistigh de limistéir farraige atá faoin dlínse náisiúnta. Is éard is oibleagáid díchill chuí ann ceanglas atá ar Stát an iarracht is fearr is féidir a dhéanamh agus an méid is mó is féidir a dhéanamh chun iascaireacht neamhdhleathach a chosc, lena n-áirítear an ceanglas na bearta riaracháin agus forfheidhmiúcháin is gá a ghlacadh chun a áirithiú nach bhfuil na soithí iascaireachta atá faoina bhratach, ná a náisiúnaigh, ná soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochta ina chuid uiscí bainteach le gníomhaíochtaí a sháraíonn na bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme. Ar na cúiseanna sin, tá sé tábhachtach gníomhaíochtaí a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uisce an Aontais, mar aon leis an gcóras rialachais a bhaineann leis na soithí sin, a eagrú sa chaoi is gur féidir ceanglais idirnáisiúnta an Aontais a fheidhmiú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach agus cásanna ina bhféadfaí bearta éagóracha idirnáisiúnta a chur i leith an Aontais a sheachaint.

¹⁸ Cinneadh 96/428/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir le glacadh an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le comhlíonadh beart caomhnaithe agus bainistíochta idirnáisiúnta ag soithí iascaireachta ar an mórmhuir (IO L 177/26, 16.7.1996, lch. 24).

- (6) Ba cheart na torthaí a bhí ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe 2012, 'Rio +20'¹⁹, agus na forbairtí idirnáisiúnta i dtaobh an chomhraic i gcoinne trádáil neamhdhleathach fiadhúlra, ba cheart iad a áireamh i mbeartas seachtrach an Aontais maidir le hiascaigh.
- (7) Is é cuspóir an Chombheartais Iascaigh, mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'bun-Rialachán')²⁰, a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de agus go ndéantar iad a bhainistiú sa chaoi is go mbainfear amach leasanna eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta, agus go gcuirfidh siad leis an soláthar bia.
- (8) I Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, leagtar béim ar an ngá le cuspóirí an Chombheartais Iascaigh a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, chun a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais taobh amuigh d'uisce an Aontais bunaithe ar na prionsabail agus ar na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais, agus go mbeidh cothroime iomaíochta ann d'oibreoirí an Aontais agus d'oibreoirí tríú tíortha.
- (9) Ba é aidhm Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle bonn coiteann a leagan síos chun na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais lasmuigh d'uisce an Aontais a údarú d'fhonn tacú leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus rialú agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar chabhlach an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain.
- (10) Glacadh Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle²¹ maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ag an am céanna le Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle agus glacadh Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ('an Rialachán um Rialú')²² bliain ina dhiaidh sin. Is iad na trí Rialachán sin trí cholún cur chun feidhme fhorálacha an Chombheartais Iascaigh maidir le rialú agus forfheidhmiú.
- (11) Mar sin féin, níor cuireadh na trí rialachán sin chun feidhme go comhleanúnach; bhí míréireachtaí ann go háirithe idir FAR agus an Rialachán um Rialú, a glacadh tar éis Rialachán FAR. Nuair a bhí FAR á chur chun feidhme, ba léir go raibh roinnt easnamh ann sa mhéid is nár cumhdaíodh dúshláin áirithe maidir le rialú, e.g. cairtfhostú, soithí a aistriú go clár loingseoireachta tíre eile agus údaruithe iascaireachta a eiseonn údarás inniúil tríú tír do shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe ('údaruithe

¹⁹ Rún A/Res/66/288 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 27 Iúil 2012 maidir leis an toradh a bhí ar Chomhdháil Rio +20, dar teideal *The Future We Want*.

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

²¹ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

²² Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chombheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

díreacha'). Chomh maith leis sin, bhí deacracht ann le cuid de na ceanglais tuairiscithe agus leis na róil riaracháin a roinnt idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

- (12) Is é príomhphrionsabal an rialacháin seo go mbeadh údarú faighte óna Bhallstát brataí ag aon soitheach de chuid an Aontais a théann ag iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais agus go ndéanfaí faireachán cuí ar an soitheach sin, beag beann ar an áit a oibríonn sé agus ar an gceart faoina n-oibríonn sé. Níor cheart an t-údarú sin a eisiúint ach ar choinníoll go bhfuil tacar bunúsach de chomhchritéir incháilitheachta comhlíonta. I bhfianaise na faisnéise a bhailíonn na Ballstáit agus a chuireann siad ar fáil don Choimisiún, ba cheart dó a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh, tráth ar bith, san faireachán a dhéantar ar na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais i limistéar ar bith lasmuigh d'uiscí an Aontais.
- (13) D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag soithí tacaíochta ar an gcaoi ar féidir le soithí iascaireachta a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh agus ar an méid éisc is féidir leo a ghabháil; tá sé riachtanach, dá bhrí sin, iad a chur san áireamh sna próisis údarúcháin agus tuairiscithe sa rialachán seo.
- (14) Bíonn fadhb ann i gcás oibríochtaí maidir le soithí a aistriú go clár loingseoireachta tíre eile nuair is é is cuspóir leo teacht timpeall ar rialacha an chomhbheartais iascaigh nó ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, bheith in ann na hoibríochtaí sin a shainiú, a bhrath agus bac a chur orthu. Ba cheart a áirithiú gur féidir soitheach a rianú agus go ndéantar cúram cuí i dtaobh chomhlíonadh na rialacha ag an soitheach a fhiosrú fad agus atá sé i mbun oibríochta. An ceanglas uimhir uathúil soithigh a fháil ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ba cheart go bhfeidhmeodh sé chun na críche sin freisin.
- (15) In uiscí tríú tír, d'fhéadfadh soithí de chuid an Aontais oibriú faoi fhorálacha comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe a tugadh i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha, nó trí údaruithe díreacha iascaireachta a fháil ó thríú tíortha mura bhfuil aon chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe i bhfeidhm. Sa dá chás sin, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe trédhearcach. Chuige sin, ba cheart an Ballstát brataí a chumhachtú údarú a thabhairt do na soithí atá faoina bhratach údaruithe díreacha a lorg agus a fháil ó thríú stáit cósta, agus an méid sin a dhéanamh de réir tacar sainithe critéar agus faoi réir faireacháin. Ba cheart an ghníomhaíocht iascaireachta a údarú a luaite agus atá an Ballstát brataí sásta nach mbainfidh an ghníomhaíocht sin den inbhuanaitheacht. Mura bhfuil agóid ina choinne ag an gCoimisiún, ba cheart, i gcás oibreoir ar thug an Ballstát brataí agus an Stát cósta araon údarú dó, ba cheart cead a thabhairt dó tús a chur lena oibríochtaí iascaireachta.
- (16) Saincheist shonrach a bhaineann le comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe is ea ath-leithdháileadh deiseanna iascaireachta tearcúsáidte a tharlaíonn nuair nach n-úsáidtear ina n-iomláine na deiseanna iascaireachta a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi na Rialacháin ábhartha ón gComhairle. Ós rud é gur ó bhuiséad an Aontais, den chuid is mó, a mhaoinítear na costais rochtana atá leagtha amach sna comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe, tá sé tábhachtach córas um ath-leithdháileadh a bheith ann le go bhféadfar leasanna airgeadais an Aontais a chaomhnú agus chun a áirithiú nach gcuirtear amú aon deis iascaireachta ar íocadh as. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an córas um ath-leithdháileadh a shoiléiriú agus a fheabhsú, ach is rogha dheiridh ba cheart a bheith ann. Níor cheart é a chur i bhfeidhm ach ar bhonn sealadach agus níor cheart go ndéanadh sé difear do chéad-leithdháileadh deiseanna iascaireachta i measc na

mBallstát. Níor cheart ath-leithdháileadh a dhéanamh ach amháin más rud é gur ghéill na Ballstáit ábhartha a gcearta chun deiseanna iascaireachta a mhalartú eatarthu féin.

- (17) Ba cheart gníomhaíochtaí iascaireachta faoi choimirce eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus gníomhaíochtaí iascaireachta ar an mórmhuir a bheith údaraithe ag an mBallstát brataí freisin, agus ba cheart go gcloífeadh na gníomhaíochtaí sin le rialacha sonracha na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh nó le reachtaíocht an Aontais a rialaíonn gníomhaíochtaí iascaireachta ar an mórmhuir.
- (18) D'fhéadfadh sé go mbainfeadh socruithe maidir le cairtffhostú d'éifeachtúlacht na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta, agus go mbeadh tionchar diúltach acu ar shaothrú inbhuanaithe beo-acmhainní mara. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, creat dlíthiúil a leagan síos a chuideoidh leis an Aontas faireachán níos fearr a dhéanamh, ar bhonn a bhfuil glactha ag an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh ábhartha, ar ghníomhaíochtaí a dhéanann soithí iascaireachta cairtffhostaithe de chuid an Aontais.
- (19) Ba cheart na nósanna imeachta a bheith trédhearcach agus intuairtha d'oibreoirí an Aontais agus d'oibreoirí tríú tíortha, agus dá n-údaráis inniúla.
- (20) Ba cheart a áirithiú, faoi mar a fhoráiltear dó sa Rialachán um Rialú, gur go leictreonach a dhéanfar sonraí a mhalartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí ar fad a iarrtar faoina gcablaigh agus faoina ngníomhaíochtaí iascaireachta a bhailiú, a bhainistiú, agus a chur ar fáil don Choimisiún. Ina theannta sin, ba cheart dóibh comhoibriú le chéile, leis an gCoimisiún agus le tríú tíortha nuair is ábhartha chun na gníomhaíochtaí bailithe sonraí sin a chomhordú.
- (21) D'fhonn trédhearcacht agus inrochtaineacht na faisnéise maidir le húdaruithe iascaireachta an Aontais a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún clár leictreonach um údaruithe iascaireachta a bhunú, clár ina mbeadh cuid phoiblí agus cuid neamhphoiblí. Áirítear sonraí pearsanta san fhaisnéis a bheadh i gclár um údaruithe iascaireachta an Aontais. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil, ba cheart cloí le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ agus leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme.
- (22) D'fhonn dul i ngleic i gceart leis an rochtain a bhíonn ag soithí iascaireachta faoi bhratach tríú tír ar uiscí an Aontais, ba cheart na rialacha ábhartha a bheith ag teacht leis na rialacha is infheidhme maidir le soithí iascaireachta an Aontais, i gcomhréir leis an Rialachán um Rialú. Maidir le hAirteagal 33 den Rialachán sin maidir le sonraí gabhála agus sonraí a bhaineann le gabháil a thuairisciú, ba cheart feidhm a bheith aige, go háirithe, maidir le soithí tríú tír a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais.
- (23) Soithí iascaireachta ó thríú tíortha nach bhfuil údarú acu faoin Rialachán seo, ba cheart é a bheith de cheangal orthu agus iad ag seoladh in uiscí an Aontais a áirithiú go bhfuil an trealamh iascaireachta suiteáilte sa chaoi is nach bhfuil sé éasca é a úsáid le haghaidh oibríochtaí iascaireachta.

²³ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.01.2001, lch. 1).

²⁴ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

- (24) Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as rialú gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí tríú tír in uiscí an Aontais agus, i gcás sáruiithe, iad a chlárú sa chlár náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 93 den Rialachán um Rialú.
- (25) Chun na nósanna imeachta um údarú a shimpliú, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún córas coiteann a úsáid chun sonraí a mhalartú agus a stóráil le go bhféadfar an fhaisnéis is gá agus nuashonruithe a chur ar fáil agus an t-ualach riaracháin á laghdú. Chuige sin, ba cheart na sonraí atá i gclár cabhlaigh an Aontais a úsáid ina n-iomláine.
- (26) Chun dul chun cinn teicniúil agus ceanglais nua a d'fhéadfadh a theacht chun cinn faoin dlí idirnáisiúnta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a ghlacadh, is é sin na hIarscríbhinní sin ina leagtar amach liosta den fhaisnéis atá le soláthar ag oibreoir chun údarú iascaireachta a fháil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Áiritheoidh an Coimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (27) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme i ndáil leis na sonraí a bhaineann le húdaruithe iascaireachta a thaifeadadh, a fhoráil agus iad a aistriú ó na Ballstáit go dtí an Coimisiún agus go dtí clár um údaruithe iascaireachta an Aontais, agus modheolaíocht a leagan síos chun deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a ath-leithdháileadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵.
- (28) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le deiseanna iascaireachta a ath-leithdháileadh, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne.
- (29) I ngeall ar an líon leasuithe atá le déanamh agus a thábhachtaí is atá siad, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL IFORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 *Ábhar*

Is é a leagtar amach sa Rialachán seo rialacha maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint agus a bhainistiú i gcás:

- (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag obair in uiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse tríú tír, faoi choimirce eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh, in uiscí an Aontais nó lasmuigh díbh, nó ar an mórmhuir; agus

²⁵ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (b) soithí iascaireachta trú tír a bhíonn ag obair in uiscí an Aontais.

Airteagal 2

An gaol idir an Rialachán seo agus an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais

Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do na forálacha seo a leanas:

- (a) forálacha i gcomhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe agus i gcomhaontuithe iascaigh eile den sórt sin arna dtabhairt i gcricid idir an tAontas agus trú tíortha;
- (b) forálacha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó ag eagraíochtaí iascaigh eile den sórt sin a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach nó ina pháirtí neamhchonarthach comhoibríoch iontu;
- (c) forálacha atá i reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear chun feidhme nó lena dtrasuitear na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b).

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte atá leagtha amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'soitheach tacaíochta' soitheach nach bhfuil trealamh iascaireachta oibríochtúil feistithe air, trealamh lena n-éascaítear nó lena n-ullmhaítear gníomhaíochtaí iascaireachta, nó a chuidíonn sna gníomhaíochtaí sin;
- (b) ciallaíonn 'údarú iascaireachta' údarú arna eisiúint i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais nó soitheach iascaireachta trú tír agus a thugann teidlíocht don soitheach sin gníomhaíochtaí sonracha iascaireachta a dhéanamh le linn tréimhse shonraithe, i limistéar ar leith nó le haghaidh iascach ar leith faoi choinníollacha sonracha;
- (c) ciallaíonn 'an clár um údaruithe iascaireachta' córas chun údaruithe iascaireachta a bhainistiú agus an bunachar a ghabhann leis;
- (d) ciallaíonn 'údarú díreach' údarú iascaireachta arna eisiúint ag údarás inniúil trú tír i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe;
- (e) ciallaíonn 'uiscí trú tír' uiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse trú tír;
- (f) ciallaíonn 'clár breathnóirí' scéim faoi choimirce eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh a chuireann breathnóirí ar fáil le dul ar bord soithí iascaireachta faoi choinníollacha áirithe chun a fhíorú go gcomhlíonann an soitheach na rialacha a ghlac an eagraíocht sin.

TEIDEAL II
GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A DHÉANANN SOITHÍ
IASCAIREACHTA AN AONTAIS LASMUIGH D'UISCÍ AN AONTAIS

Caibidil I
Forálacha coiteanna

Airteagal 4
Prionsabal ginearálta

Gan dochar don cheanglas údarú a fháil ón eagraíocht inniúil nó ón tríú tír, ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh lasmuigh d'uisce an Aontais murar eisigh an Ballstát brataí údarú iascaireachta dó.

Airteagal 5
Critéir incháilitheachta

1. Ní fhéadfaidh an Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint i leith gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar lasmuigh d'uisce an Aontais ach amháin, más rud é:
 - (a) go bhfuil faisnéis iomlán bheacht faighte aige, i gcomhréir le hIarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2, faoin soitheach iascaireachta agus faoi aon soitheach tacaíochta gaolmhar, lena n-áirítear soithí tacaíochta nach soithí de chuid an Aontais iad;
 - (b) go bhfuil an soitheach iascaireachta faoi cheadúnas iascaireachta atá bailí de réir Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
 - (c) go bhfuil uimhir IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) ag an soitheach iascaireachta agus ag aon soitheach tacaíochta gaolmhar;
 - (d) nach raibh, sna 12 mhí roimh chur i bhfeidhm an údaraithe iascaireachta, an t-oibreoir ná an soitheach iascaireachta faoi réir smachtbhanna de thoradh sárú tromchúiseach de réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit de bhun Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle;
 - (e) nach n-áirítear an soitheach iascaireachta ar liosta de shoithí a dhéanann iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaiscthe agus neamhrialáilte, liosta a ghlac eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh agus/nó an tAontas de bhun Rialachán (CE) 1005/2008 ón gComhairle;
 - (f) nuair is infheidhme, go bhfuil deiseanna iascaireachta ar fáil don Bhallstát brataí faoin gcomhaontú iascaigh lena mbaineann nó faoi fhorálacha ábhartha na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh; agus
 - (g) nuair is infheidhme, go gcomhlíonann an soitheach iascaireachta na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 6.
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 43, chun críche Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a mhodhnú.

Airteagal 6

Oibríochtaí maidir le soithí a aistriú go clár loingseoireachta tíre eile

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le soithí ar bhain an méid seo thíos dóibh laistigh de thréimhse cúig bliana ón dáta a rinne siad iarratas ar údarú iascaireachta:
 - (a) gur fhág siad clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais agus gur aistríodh go clár loingseoireachta tríú tír iad; agus
 - (b) gur fhill siad ar chlár cabhlaigh iascaireachta an Aontais ina dhiaidh sin, laistigh de thréimhse 24 mhí ón dáta a d'fhág siad é.
2. Ní fhéadfaidh Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint do shoitheach den chineál dá dtagraítear i mír 1, ach amháin má tá sé sásta gurbh fhíor an méid seo a leanas maidir leis an soitheach sin fad is a bhí sé ag obair faoi bhratach tríú tír:
 - (a) nach raibh sé i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuiriscithe ná neamhrialáilte; agus
 - (b) nach raibh sé ag obair in uiscí tríú tír neamh-chomhoibríoch de bhun Airteagal 31 agus Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.
3. Chuige sin, má éilíonn Ballstát brataí aon fhaisnéis a bhaineann leis an tréimhse ábhartha, cuirfidh an t-oibreoir an fhaisnéis sin, agus ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas, ar fáil dó:
 - (a) dearbhú ar ghabhálacha agus ar iarrachtaí iascaireachta na tréimhse ábhartha;
 - (b) cóip den údarú iascaireachta a d'eisigh an Stát brataí don tréimhse ábhartha;
 - (c) cóip d'aon údarú iascaireachta lena gceadaítear oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí tríú tír don tréimhse ábhartha;
 - (d) ráiteas oifigiúil ón tríú tír ar chuig a clár loingseoireachta a aistríodh an soitheach, ina liostaítear na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm ar an soitheach nó ar an oibreoir sa tréimhse ábhartha.
4. Ní eiseoidh Ballstát brataí údarú iascaireachta do shoitheach a aistríodh go clár loingseoireachta tíre eile, más rud é:
 - (a) gurb í an tríú tír ina ndearnadh an t-aistriú tríú tír a aithníodh mar thír neamh-chomhoibríoch i ndáil le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, nó a liostaítear mar thír den chineál sin, de bhun Airteagal 31 agus Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle; nó
 - (b) gurb í an tríú tír ina ndearnadh an t-aistriú tríú tír a aithníodh mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe de bhun mhír 1(a) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012²⁶.
5. Ní bheidh feidhm le mír 4 má tá an Ballstát brataí sásta go ndearna an t-oibreoir an méid seo a leanas a luaithe agus a aithníodh an tír mar thír neamh-chomhoibríoch i ndáil le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte nó mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe:
 - (a) gur scoir sé de na hoibríochtaí iascaireachta; agus

²⁶

Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch. 34).

- (b) gur chuir sé tús leis na nósanna imeachta riaracháin ábhartha ba ghá chun an soitheach a bhaint ó chlár cabhlaigh iascaireachta an tríú tír.

Airteagal 7

Faireachán a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta

1. Le linn d'oibreoir iarratas a dhéanamh ar údarú iascaireachta, cuirfidh sé sonraí iomlána beachta ar fáil don Bhallstát brataí.
2. Cuirfidh an t-oibreoir an Ballstát brataí ar an eolas láithreach faoi aon athrú a dhéantar ar na sonraí gaolmhara.
3. Déanfaidh an Ballstát brataí faireachán féachaint an bhfuil na coinníollacha ar eisíodh údarú iascaireachta ar a mbonn á gcomhlíonadh le linn thréimhse bailíochta an údaraithe sin.
4. I gcás nach bhfuil coinníoll ar eisíodh údarú iascaireachta ar a bhonn á chomhlíonadh a thuilleadh, déanfaidh an Ballstát brataí an t-údarú a leasú nó a tharraingt siar, agus tabharfaidh sé fógra cuí don oibreoir agus don Choimisiún.
5. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, déanfaidh an Ballstát brataí an t-údarú a dhiúltú, a fhionraí nó a tharraingt siar más rud é go bhfuil cúiseanna sáraitheacha beartais ann a bhaineann le saothrú inbhuanaithe, bainistiú agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha mara nó le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc nó a thoirmeasc, nó gur chinn an tAontas an caidreamh leis an tríú tír lena mbaineann a fhionraí nó deireadh a chur leis.
6. Má theipeann ar an mBallstát brataí an t-údarú a dhiúltú, a leasú, a fhionraí nó a tharraingt siar i gcomhréir le mír 4 agus le mír 5, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an t-údarú a tharraingt siar agus fógra cuí a thabhairt don Bhallstát brataí agus don oibreoir.

Caibidil II

Gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tír

ROINN 1

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA FAOI CHOMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE

Airteagal 8

Ballraíocht in eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh

Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais dul ag iascaireacht stoic atá faoi bhainistiú eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh, in uiscí tríú tír, más páirtí conarthach nó páirtí neamhchonarthach comhoibríoch san eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh sin an tríú tír sin.

Airteagal 9
Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tír faoi chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe.

Airteagal 10
Údaruithe iascaireachta

Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí tríú tír faoi chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe murar eisíodh údarú iascaireachta don soitheach sin:

- (a) sa Bhallstát brataí; agus
- (b) sa tríú tír a bhfuil ceannasacht nó dlínse aici ar na huiscí ina mbíonn na gníomhaíochtaí ar siúl.

Airteagal 11
Coinníollacha maidir le húdaruithe iascaireachta arna n-eisiúint ag an mBallstát brataí

Ní fhéadfaidh an Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint i leith gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar in uiscí tríú tír faoi chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe ach amháin, más rud é:

- (a) go bhfuil na critéir incháilitheachta atá leagtha amach in Airteagal 5 comhlíonta;
- (b) go bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontú comhpháirtíochta ábhartha maidir le hiascaigh inbhuanaithe comhlíonta;

go bhfuil na táillí agus na pionóis airgeadais ar fad a d'éiligh údarás inniúil an tríú tír le 12 mhí anuas íoctha ag an oibreoir.

Airteagal 12
Údaruithe iascaireachta a bhainistiú

1. A luaithe agus a eisiúint sé údarú iascaireachta, déanfaidh an Ballstát brataí an t-iarratas comhfhreagrach ar údarú ón tríú tír a chur chuig an gCoimisiún.
2. Beidh san iarratas dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 agus in Iarscríbhinn 2, mar aon le haon sonraí eile a cheanglaítear faoin gcomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe.
3. Seolfaidh an Ballstát brataí an t-iarratas chuig an gCoimisiún 10 lá féilire ar a laghad roimh an spriocam atá leagtha síos sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe i dtaobh iarratais a chur isteach. Aon fhaisnéis bhreise a cheapann an Coimisiún atá riachtanach, féadfaidh sé í a iarraidh ar an mBallstát brataí.
4. Nuair a bheidh sé sásta go bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 11 comhlíonta, seolfaidh an Coimisiún an t-iarratas chuig an tríú tír.
5. Má chuireann an tríú tír an Coimisiún ar an eolas go bhfuil cinneadh déanta aici údarú iascaireachta i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a eisiúint, a dhiúltú, a fhionraí nó a tharraingt siar, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát brataí ar an eolas dá réir sin.

Airteagal 13

Deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a ath-leithdháileadh faoi chuimsiú comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe

1. Le linn bliain áirithe nó in aon tréimhse ábhartha eile ina bhfuil prótacail a ghabhann le comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe á gcur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a aithint agus na Ballstáit a bhfuil sciaranna comhfhreagracha den leithdháileadh acu a chur ar an eolas dá réir sin.
2. Laistigh de 10 lá ón bhfaisnéis sin a fháil ón gCoimisiún, féadfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) an Coimisiún a chur ar an eolas go n-úsáidfidh siad a ndeiseanna iascaireachta níos déanaí sa bhliain nó sa tréimhse ábhartha cur chun feidhme agus plean iascaireachta a chur ar fáil dó, plean ina mbeidh faisnéis mhionsonraithe faoin líon údaruithe iascaireachta atá á iarraidh, na gabhálacha measta, limistéar agus tréimhse na hiascaireachta; nó
 - (b) fógra a thabhairt don Choimisiún, de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, faoi na deiseanna iascaireachta a malartaíodh.
3. Má tharlaíonn sé nach gcuireann Ballstáit áirithe an Coimisiún ar an eolas faoi cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 2, agus más rud é, dá thoradh sin, go bhfuil deiseanna iascaireachta ann go fóill nár úsáideadh, féadfaidh an Coimisiún glao ar léiriú spéise a sheoladh le haghaidh na ndeiseanna iascaireachta nár úsáideadh agus atá ar fáil, agus féadfaidh sé an glao sin a sheoladh chuig na Ballstáit eile a bhfuil sciar den leithdháileadh acu.
4. Laistigh de 10 lá ón nglao ar léiriú spéise sin a fháil, féadfaidh na Ballstáit é a chur in iúl don Choimisiún go bhfuil spéis acu sna deiseanna iascaireachta sin nár úsáideadh. Chun tacú lena n-iarraidh, cuirfidh siad plean iascaireachta ar fáil, ina mbeidh faisnéis mhionsonraithe faoin líon údaruithe iascaireachta atá á iarraidh acu, na gabhálacha measta, limistéar agus tréimhse na hiascaireachta.
5. Má mheastar gur gá measúnú a dhéanamh ar an iarraidh, féadfaidh an Coimisiún ceist a chur ar an mBallstát lena mbaineann faisnéis bhreise a thabhairt.
6. Más rud é nach bhfuil aon spéis ag na Ballstáit a bhfuil sciar den leithdháileadh acu sna deiseanna iascaireachta sin nár úsáideadh, féadfaidh an Coimisiún glao ar léiriú spéise a scaipeadh ar na Ballstáit ar fad. Féadfaidh Ballstát spéis a léiriú, faoi na coinníollacha dá dtagraítear i mír 4, i ndeiseanna iascaireachta nár úsáideadh.
7. Ar bhonn na faisnéise a chuir na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le mír 4 nó le mír 5, déanfaidh an Coimisiún na deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a ath-leithdháileadh ar bhonn sealadach tríd an modheolaíocht atá leagtha amach in Airteagal 14 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 14

Modheolaíocht an ath-leithdháilte

1. Féadfaidh an Coimisiún modheolaíocht a leagan síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a ath-leithdháileadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(2).

2. Ar mhórfhorais práinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann leis an am teoranta atá fágtha le deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a shaothrú, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 45(3). Fanfaidh na gníomhartha sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí.
3. Le linn don Choimisiún modheolaíocht an ath-leithdháilte a leagan síos, cuirfidh sé na critéir seo a leanas i bhfeidhm:
 - (a) na deiseanna iascaireachta atá ar fáil lena n-ath-leithdháileadh;
 - (b) an líon Ballstát a d'iarr na deiseanna iascaireachta;
 - (c) an sciar a sannadh do gach Ballstát a d'iarr deiseanna iascaireachta nuair a bhí siad á ndáileadh an chéad lá;
 - (d) leibhéil gabhálacha agus iarrachta gach Ballstáit a d'iarr deiseanna iascaireachta san am a chuaigh thart;
 - (e) líon, cineál agus tréithe na soithí agus an trealaimh atá in úsáid;
 - (f) a mhéid atá an plean iascaireachta a chuir na Ballstáit a d'iarr deiseanna iascaireachta ar fáil ag teacht leis na gnéithe atá liostaithe i bpointí (a) go (e).

Airteagal 15

Leithdháileadh cuóta bhliantúil arna bhriseadh síos ina theorainneacha gabhála éagsúla

1. Más rud é go bhfuil teorainneacha gabhála míosúla nó ráithiúla leagtha síos sa Phrótacal a ghabhann le comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe, nó go roinntear an cuóta bliantúil ar bhealach eile sa Phrótacal sin, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear modheolaíocht chun na deiseanna iascaireachta comhfhreagracha a leithdháileadh ar bhonn míosúil, ráithiúil nó ar bhonn tréimhse eile. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(2).
2. Beidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 ag teacht le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta bliantúla ar na Ballstáit faoin Rialachán ábhartha ón gComhairle.

ROINN 2

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA ATÁ FAOI ÚDARUITHE DÍREACHA

Airteagal 16

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tír ar gníomhaíochtaí iad nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe.

Airteagal 17

Údaruithe iascaireachta

Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí tríú tír, más gníomhaíochtaí iad nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe, murar eisíodh údarú iascaireachta don soitheach sin:

- (a) sa Bhallstát brataí; agus
- (b) sa tríú tír a bhfuil ceannasacht nó dlínse aici ar na huiscí ina ndéantar na gníomhaíochtaí.

Airteagal 18

Coinníollacha maidir le húdaruithe iascaireachta arna n-eisiúint ag na Ballstáit brataí

Ní fhéadfaidh an Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint i leith gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar in uiscí tríú tír i gcás gníomhaíochtaí nach dtagann faoi chuimsiú comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe ach amháin, más rud é:

- (a) nach bhfuil aon chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe i bhfeidhm leis an tríú tír lena mbaineann, nó nach ndéantar foráil sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe atá i bhfeidhm ach d'údaruithe díreacha amháin;
- (b) go bhfuil na critéir incháilitheachta atá leagtha amach in Airteagal 5 comhlíonta;
- (c) go bhfuil an méid seo a leanas curtha ar fáil ag an oibreoir:
 - dearbhú i scríbhinn ón tríú tír, tar éis pléití idir an t-oibreoir agus an tríú tír, ar théarmaí an údaraithe dhírigh atá beartaithe chun rochtain a thabhairt don oibreoir ar a cuid acmhainní iascaireachta, lena n-áirítear fad agus coinníollacha an údaraithe, agus deiseanna iascaireachta arna sloinneadh mar iarracht nó mar theorainneacha gabhála;
 - fianaise ar inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta atá beartaithe, ar bhonn an méid seo a leanas:
 - meastóireacht eolaíoch arna soláthar ag an tríú tír agus/nó ag eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh; agus
 - scrúdú arna dhéanamh ag an mBallstát brataí ar an meastóireacht eolaíoch sin ar bhonn measúnú arna dhéanamh ag institiúid náisiúnta eolaíochta an Bhallstáit sin;
 - cóip den reachtaíocht atá i bhfeidhm sa tríú tír maidir le hiascaigh;
 - uimhir oifigiúil cuntais bainc phoiblí chun gur féidir na táillí ar fad a íoc isteach ann; agus
- (d) más rud é gur iascaireacht speicis atá faoi bhainistiú eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh atá i gceist, gur páirtí conarthach nó páirtí neamhchonarthach comhoibríoch san eagraíocht sin an tríú tír.

Airteagal 19

Údaruithe díreacha a bhainistiú

1. A luaithe a bheidh údarú iascaireachta eisithe ag an mBallstát brataí, cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2, agus in Airteagal 18, chuig an gCoimisiún.
2. Mura mbeidh tuilleadh faisnéise nó fianaise iarrtha ag an gCoimisiún laistigh de 15 lá féilire ón lá a tharchuirtear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Ballstát

brataí an t-oibreoir ar an eolas go bhféadfaidh sé tús a chur leis na gníomhaíochtaí iascaireachta i dtrácht, ar choinníoll gur thug tríú tír údarú díreach dó freisin.

3. Más rud é, tar éis an iarraidh ar thuilleadh faisnéise nó fianaise dá dtagraítear i mír 2, gur dóigh leis an gCoimisiún nach bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 18 comhlíonta, féadfaidh sé, laistigh de dhá mhí ón bhfaisnéis nó ón fianaise a éilíodh a fháil, cur i gcoinne an t-údarú iascaireachta a thabhairt.
4. Má chuireann tríú tír an Coimisiún ar an eolas go bhfuil cinneadh déanta aici údarú díreach i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a eisiúint, a dhiúltú, a fhionraí nó a tharraingt siar, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát brataí ar an eolas dá réir sin.
5. Má chuireann tríú tír an Ballstát brataí ar an eolas go bhfuil cinneadh déanta aici údarú díreach i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a eisiúint, a dhiúltú, a fhionraí nó a tharraingt siar, cuirfidh an Ballstát brataí an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.
6. Déanfaidh oibreoir cóip de na coinníollacha deiridh a comhaontaíodh idir an t-oibreoir sin agus an tríú tír a chur ar fáil don Bhallstát brataí, agus beidh cóip den údarú díreach san áireamh.

Caibidil III

Gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais faoi choimirce eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

Airteagal 20

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais agus iad ag iascaireacht stoic atá faoi choimirce eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh in uiscí an Aontais, ar an mórmhuir agus in uiscí tríú tír.

Airteagal 21

Údaruithe iascaireachta

Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais dul ag iascaireacht stoic atá faoi bhainistiú eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh ach amháin, más rud é:

- (a) gur eisigh a Bhallstát brataí údarú iascaireachta dó;
- (b) gur áiríodh ar chlár nó ar liosta ábhartha na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh é; agus
- (c) i gcás go bhfuil na gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh in uiscí tríú tír: gur eisigh an tríú tír ábhartha údarú iascaireachta dó i gcomhréir le Caibidil II.

Airteagal 22

Coinníollacha maidir le húdaruithe iascaireachta arna n-eisiúint ag na Ballstáit brataí

Ní fhéadfaidh an Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint ach amháin, más rud é:

- (a) go bhfuil na critéir incháilitheachta atá leagtha amach in Airteagal 5 comhlíonta;

- (b) go bhfuil na rialacha arna leagan síos ag an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh, nó sa reachtaíocht trasúimh de chuid an Aontais, comhlíonta; agus
- (c) i gcás go bhfuil na gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh in uiscí tríú tír: go bhfuil na critéir atá leagtha amach in Airteagal 11 nó in Airteagal 18 comhlíonta.

Airteagal 23

Clárú soithí ag na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

1. Cuirfidh an Ballstát brataí liosta nó liostaí chuig an gCoimisiún de na soithí ar thug sé údarú dóibh le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta faoi choimirce eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh.
2. Déanfar na liostaí dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas i gcomhréir le ceanglais na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh agus beidh an fhaisnéis a iarrtar in Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 ag gabháil leo.
3. Aon fhaisnéis bhreise a cheapann an Coimisiún atá riachtanach, féadfaidh sé í a iarraidh ar mBallstát brataí.
4. Nuair a bheidh sé sásta go bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 22 comhlíonta, seolfaidh an Coimisiún liosta nó liostaí de na soithí údaraithe chuig an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh.
5. Más rud é nach liosta nó clár poiblí é liosta nó clár na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát brataí i dtaobh na soithí atá air.

Caibidil IV

Gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais ar an mórmhuir

Airteagal 24

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar an mórmhuir, i gcás soithí atá níos mó ná 24 mhéadar ar fad.

Airteagal 25

Údaruithe iascaireachta

Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ar an mórmhuir ach amháin, más rud é:

- (a) gur eisigh a Bhallstát brataí údarú iascaireachta dó; agus
- (b) gur tugadh fógra don Choimisiún i dtaobh an údaraithe iascaireachta sin i gcomhréir le hAirteagal 27.

Airteagal 26

Coinníollacha maidir le húdaruithe iascaireachta arna n-eisiúint ag na Ballstáit brataí

Ní fhéadfaidh Ballstát brataí údarú iascaireachta a eisiúint i leith gníomhaíochtaí iascaireachta ar an mórmhuir ach amháin má tá na critéir incháilitheachta atá leagtha amach in Airteagal 5 comhlíonta.

Airteagal 27

Fógra a thabhairt don Choimisiún

Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra faoin údarú iascaireachta don Choimisiún 15 lá féilire ar a laghad roimh thús na ngníomhaíochtaí iascaireachta atá beartaithe ar an mórmhuir, agus cuirfidh an Ballstát brataí an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn 1 agus in Iarscríbhinn 2 ar fáil don Choimisiún.

Caibidil V

Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a chairtfhostú

Airteagal 28

Prionsabail

1. Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh faoi shocrúite maidir le cairtfhostú i gcás ina bhfuil comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe i bhfeidhm, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa chomhaontú sin.
2. Ní fhéadfaidh soitheach de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ach faoi shocrú amháin maidir le cairtfhostú san aon am amháin ná gníomhaíochtaí iascaireachta a fholigean ar fostú.
3. Ní fhéadfaidh soitheach cairtfhostaithe de chuid an Aontais deiseanna iascaireachta a Bhallstáit brataí a úsáid. Déanfar gabhálacha soithigh chairtfhostaithe a chomhaireamh faoi dheiseanna iascaireachta an Stáit sin atá i mbun an chairtfhostaithe.

Airteagal 29

Údaruithe iascaireachta atá faoi shocrú maidir le cairtfhostú a bhainistiú

I gcás ina n-eisítear údarú iascaireachta i leith soithigh i gcomhréir le hAirteagail 11, 18, 22 nó 26, agus ina bhfuil na gníomhaíochtaí iascaireachta ábhartha á ndéanamh faoi shocrú maidir le cairtfhostú, déanfaidh an Ballstát brataí an méid seo a leanas a fhíorú:

- (a) gur thug údarás inniúil an Stáit sin atá i mbun an chairtfhostaithe dearbhú oifigiúil go bhfuil an socrú i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta an Stáit sin; agus
- (b) go bhfuil an socrú maidir le cairtfhostú sonraithe san údarú iascaireachta.

Caibidil VI

Oibleagáidí rialaithe agus tuairiscithe

Airteagal 30 *Sonraí cláir breathnóirí*

I gcás gur faoi chlár breathnóirí a bhailítear sonraí ar bord soithigh iascaireachta de chuid an Aontais, seolfaidh oibreoir an tsoithigh sin na sonraí sin chuig a Bhallstát brataí.

Airteagal 31 *Faisnéis a chur chuig tríú tíortha*

1. Agus gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh faoin Teideal seo, déanfaidh oibreoir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais, má fhoráiltear amhlaidh sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe le tríú tír, déanfaidh sé na dearbhuithe gabhála ábhartha agus na dearbhuithe ábhartha maidir le gabháil a thabhairt i dtír a chur chuig an tríú tír, agus cóip den chomhfhreagras sin a chur chuig a Bhallstát brataí.
2. Cuirfidh an Ballstát brataí na sonraí a cuireadh chuig an tríú tír, dá dtagraítear i mír 1, i gcomparáid leis na sonraí a fuair sé i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ar mhaithe le comhleanúnchas na sonraí sin a mheas.
3. I gcás nár cuireadh chuig an tríú tír na dearbhuithe gabhála agus na dearbhuithe maidir le gabháil a thabhairt i dtír dá dtagraítear i mír 1, measfar gur sárú tromchúiseach é i dtaobh na smachtbhannaí agus na bearta eile dá bhforáiltear sa chomhbheartas iascaigh a chur i bhfeidhm. Is é údarás inniúil an Bhallstáit a chinnfidh a thromchúisí agus atá an sárú, agus tabharfaidh sé aird ar chritéir áirithe amhail an cineál damáiste, an costas a bhaineann leis an damáiste sin, staid eacnamaíoch an chiontóra agus tromchúis an tsáraithe nó cé chomh minic agus a tharla an sárú sin cheana.

TEIDEAL III

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A DHÉANANN SOITHÍ IASCAIREACHTA TRÍÚ TÍORTHA IN UISCÍ AN AONTAIS

Airteagal 32 *Prionsabail ghinearálta*

1. Ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta tríú tír gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais murar eisigh an Coimisiún údarú iascaireachta don soitheach sin.
2. Soitheach iascaireachta tríú tír atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais, cloífidh sé leis na rialacha faoina rialáitear gníomhaíochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí an Aontais sa limistéar iascaireachta sin, agus leis na forálacha atá leagtha síos sa chomhaontú ábhartha iascaigh.
3. Má tá soitheach iascaireachta tríú tír ag seoladh trí uiscí an Aontais gan údarú a eisíodh faoin Rialachán seo, beidh trealamh iascaireachta an tsoithigh fáiscthe síos agus stuáilte le nach mbeidh sé éasca é a úsáid le haghaidh oibríochtaí iascaireachta.

Airteagal 33
Coinníollacha maidir le húdaruithe iascaireachta

Ní fhéadfaidh an Coimisiún údarú a eisiúint do shoitheach iascaireachta trú tír i leith gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais ach amháin, más rud é:

- (a) gur faisnéis iomlán bheacht an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a bhaineann leis an soitheach iascaireachta agus le haon soitheach tacaíochta gaolmhar; go bhfuil uimhir IMO (an eagraíocht mhuirí idirnáisiúnta) ag an soitheach agus ag aon soitheach tacaíochta gaolmhar;
- (b) nach raibh an t-oibreoir ná an soitheach iascaireachta faoi réir smachtbhanna de thoradh sárú tromchúiseach de réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit de bhun Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Airteagal 90 (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle sna 12 mhí roimh chur i bhfeidhm an údaraithe iascaireachta;
- (c) nach bhfuil an soitheach iascaireachta ar aon liosta de shoithí a dhéanann iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaiscthe agus neamhrialáilte agus/nó nach bhfuil an trú tír aitheanta ná liostaithe mar thír neamh-chomhoibríoch de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ná mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012;
- (d) go bhfuil an soitheach iascaireachta incháilithe faoin gcomhaontú iascaigh leis an trú tír lena mbaineann agus, más iomchuí, go bhfuil sé ar an liosta de na soithí faoin gcomhaontú sin.

Airteagal 34
Nós imeachta maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint

1. Déanfaidh an trú tír na hiarratais a bhaineann lena cuid soithí iascaireachta a chur chuig an gCoimisiún roimh an spriocam atá sonraithe sa chomhaontú lena mbaineann nó atá leagtha síos ag an gCoimisiún.
2. Aon fhaisnéis bhreise a cheapann an Coimisiún atá riachtanach, féadfaidh sé í a iarraidh ar an trú tír.
3. Nuair a bheidh sé sásta go bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 33 comhlíonta, eiseoidh an Coimisiún údarú iascaireachta agus cuirfidh sé an trú tír agus na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin.

Airteagal 35
Faireachán a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta

1. I gcás nach bhfuil coinníoll atá in Airteagal 33 á chomhlíonadh a thuilleadh, déanfaidh an Coimisiún an t-údarú a leasú nó a tharraingt siar agus cuirfidh sé an trú tír agus na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin.
2. Féadfaidh an Coimisiún an t-údarú a dhiúltú, a fhionraí nó a tharraingt siar más rud é gur tháinig athrú ó bhonn ar na cúinsí nó go bhfuil cúiseanna sáraitheacha beartais ann a bhaineann, *inter alia*, le caighdeáin idirnáisiúnta i dtaobh chearta an duine nó leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaiscthe agus neamhrialáilte, agus go bhfuil beart de dhíth i ngeall ar na cúiseanna sin, nó más rud é, i ngeall ar na cúiseanna sáraitheacha sin nó aon chúiseanna sáraitheacha beartais

eile, gur chinn an tAontas an caidreamh leis an trú tír lena mbaineann a fhionraí nó deireadh a chur leis.

Airteagal 36

Deireadh a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta

1. I gcás ina meastar go bhfuil na deiseanna iascaireachta a tugadh do thrú tír ídithe, tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach faoin méid sin don tír sin agus d'údarais cigireachta inniúla na mBallstát. D'fhonn a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta na ndeiseanna iascaireachta neamhídithe, gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na deiseanna ídithe freisin, cuirfidh an trú tír bearta teicniúla faoi bhráid an Choimisiúin, bearta lena gcuirtear cosc ar aon tionchar diúltach ar na deiseanna iascaireachta ídithe. Na húdaruithe iascaireachta a eisíodh do na soithí atá faoi bhratach an trú tír sin lena mbaineann, measfar go bhfuil siad ar fionraí, ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann agus ní bheidh cead ag na soithí sin na gníomhaíochtaí iascaireachta sin a dhéanamh a thuilleadh.
2. Measfar go bhfuil údaruithe iascaireachta tarraingthe siar más rud é, i gcás fionraí gníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhréir le mír 2, go mbaineann an fhionraí sin leis na gníomhaíochtaí uile ar tugadh na húdaruithe ina leith.
3. Áiritheoidh an trú tír go gcuirfear na soithí iascaireachta lena mbaineann ar an eolas láithreach faoi chur i bhfeidhm an Airteagail seo agus go gcuirfidh siad deireadh leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile lena mbaineann.

Airteagal 37

Ró-iascaireacht cuótaí in uiscí an Aontais

1. I gcás ina súfídh an Coimisiún gur sháraigh trú tír na cuótaí stoic nó na cuótaí de ghrúpa stoc a leithdháileadh uirthi, déanfaidh an Coimisiún na cuótaí stoic sin nó na cuótaí de na grúpaí stoc sin a laghdú don tír sin sna blianta ina dhiaidh sin.
2. Mura féidir cuóta stoic nó cuóta de ghrúpa stoc a ndearnadh ró-iascaireacht air a laghdú i gcomhréir le mír 1, mar nach bhfuil a dóthain den chuóta stoic sin nó den chuóta den ghrúpa stoc sin ar fáil don trú tír lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an trú tír lena mbaineann, na cuótaí stoic nó na cuótaí de ghúpa stoc atá ar fáil don trú tír sin sa limistéar geografach céanna sna blianta ina dhiaidh sin a laghdú, nó laghdú comhfhreagrach a dhéanamh ar an luach tráchtála.

Airteagal 38

Rialú agus forfheidhmiú

1. Soitheach trú tír atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais, cloífidh sé leis na rialacha faoina rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí an Aontais sa limistéar iascaireachta sin.
2. Soitheach trú tír atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais, cuirfidh sé na sonraí sin a bhfuil ar shoithí an Aontais a chur chuig an mBallstát brataí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, cuirfidh sé ar fáil iad don Choimisiún nó don chomhlacht a d'ainmnigh an Coimisiún agus, más ábhartha, don Bhallstát cósta.

3. Déanfaidh an Coimisiún, nó an comhlacht a d'ainmnigh sé, na sonraí dá dtagraítear i mír 2 a chur chuig an mBallstát cósta.
4. Soitheach tríú tír atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais, déanfaidh sé, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ag an gcomhlacht a d'ainmnigh an Coimisiún, tuarascálacha na mbreathnóirí a ullmhaíodh faoi na cláir breathnóirí is infheidhme a chur ar fáil.
5. Déanfaidh Ballstát cósta na sárúithe uile a rinne soithí iascaireachta tríú tír, lena n-áirítear na smachtbhannaí gaolmhara, a thaifeadadh sa chlár náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 93 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.
6. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 a chur chuig an tríú tír lena áirithiú go ndéanfaidh an tríú tír bearta iomchuí.

Beidh mír 1 gan dochar do na comhairliúcháin idir an tAontas agus na tríú tíortha. Ina leith sin, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 44, chun an toradh a bhí ar na comhairliúcháin le tríú tíortha maidir leis na socrúithe rochtana a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

TEIDEAL IV

SONRAÍ AGUS FAISNÉIS

Airteagal 39

Clár um údaruithe iascaireachta an Aontais

1. Déanfaidh an Coimisiún clár leictreonach um údaruithe iascaireachta a bhunú agus a chothabháil agus beidh cuid phoiblí agus cuid neamhphoiblí sa chlár sin. Seo a leanas na húsáidí a bhainfead as an gclár sin:
 - (a) an fhaisnéis uile atá in Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a thaifeadadh agus stádas gach údaraithe a thaispeáint i bhfíor-am;
 - (b) sonraí agus faisnéis a mhalartú idir an Coimisiún agus Ballstát; agus
 - (c) chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta, agus chun na críche sin amháin.
2. An liosta de na húdaruithe iascaireachta sa chlár, beidh sé ar fáil don phobal agus beidh an fhaisnéis seo a leanas ann:
 - (a) ainm agus bratach an tsoithigh;
 - (b) an cineál údaraithe; agus
 - (c) am údaraithe agus limistéar údaraithe na gníomhaíochta iascaireachta (dátaí tosaigh agus deiridh; limistéar iascaireachta).
3. Úsáidfidh Ballstát an clár chun údaruithe iascaireachta a chur chuig an gCoimisiún agus mionsonraí an Bhallstáit a choimeád cothrom le dáta, de réir mar a éilítear in Airteagail 12, 19, 23 agus 27.

Airteagal 40

Ceanglais theicniúla

Is go leictreonach a dhéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i dTeideal II, Teideal III agus Teideal IV a mhalartú. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh,

gan dochar d'fhorálacha Threoir 2007/2/CE²⁷, gníomhartha lena mbunófar ceanglais oibríochtúla theicniúla maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sna Teidil sin a thaifeadadh, a fhoráidíú agus a tharchur. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45.

Airteagal 41
Rochtain ar shonraí

Gan dochar d'Airteagal 110 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, déanfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún rochtain ar an gcuid neamhphoiblí de chlár um údaruithe iascaireachta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 39 a thabhairt do na seirbhísí riaracháin inniúla ábhartha a bhfuil baint acu le bainistiú na gcabhlach iascaireachta.

Airteagal 42
Bainistiú sonraí, cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht

Sonraí a fhaightear faoin Rialachán seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagail 109, 110, 111 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Treoir 95/46/CE, agus de réir rialacha náisiúnta cur chun feidhme na Treorach sin.

Airteagal 43
Caidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

1. I gcás ina bhfaighidh Ballstát faisnéis ó thríú tír nó ó eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh agus go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo, cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl do na Ballstáit eile lena mbaineann agus don Choimisiún nó don chomhlacht a d'ainmnigh an Coimisiún, ar choinníoll go bhfuil cead aige a leithéid a dhéanamh faoi chomhaontuithe déthaobhacha leis an tríú tír sin nó faoi rialacha na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh lena mbaineann.
2. Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht a d'ainmnigh sé, faoi chuimsiú na gcomhaontuithe iascaigh a tugadh i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha, faoi choimirce eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó eagraíochtaí iascaigh den chineál céanna a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach nó ina pháirtí neamhchonarthach comhoibríoch iontu, féadfaidh sé faisnéis ábhartha maidir le neamh-chomhlíonadh rialacha an Rialacháin seo, nó maidir le sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 42(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus Airteagal 90(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, a thabhairt do pháirtithe eile sna comhaontuithe nó sna heagraíochtaí sin, faoi réir thoiliú an Bhallstáit a thug an fhaisnéis agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

²⁷ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

TEIDEAL V

NÓSANNA IMEACHTA, TARMLIGEAN AGUS BEARTA CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 44

Tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 45

Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i dteannta Airteagal 5 de.

TEIDEAL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 46

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008.
2. Déanfar tagairtí d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha an Rialacháin seo.

Airteagal 47
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [...] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán